



Uimhir 15 de 1991

An tAcht Sláinte (Leasú), 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 15 de 1991

AN tACHT SLÁINTE (LEASÚ), 1991

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Míniú.
2. Leasú ar alt 45 (lán-cháilíocht) d'Acht 1970.
3. Cáilíocht theoranta.
4. Treoirínte faoi "a bhfuil gnáthchónaí air sa Stát".
5. Leasú ar alt 52 (seirbhísí d'othair chónaithe a sholáthar) d'Acht 1970.
6. Seirbhísí d'othair chónaithe do dhaoine atá gan teideal faoi alt 52 d'Acht 1970.
7. Leasú ar alt 56 (seirbhísí d'othair sheachtracha) d'Acht 1970.
8. Leasú ar an Acht um Ranníocaí Sláinte, 1979.
9. Cónaí agus Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle.
10. Cúlghairm.
11. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

NA HACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Sláinte, 1970	1970, Uimh. 1
An tAcht Sláinte (Leasú), 1987	1987, Uimh. 3
An tAcht um Ranníocaí Sláinte, 1979	1979, Uimh. 4



Uimhir 15 de 1991

AN tACHT SLÁINTE (LEASÚ), 1991

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ AN ACHTA SLÁINTE, 1970, AGUS AN ACHTA UM RANNÍOCAÍ SLÁINTE, 1979, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [31 *Bealtaine*, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo ciallaíonn “Acht 1970” an tAcht Sláinte, 1970.

Míniú.

2.—Leasaítear leis seo alt 45 d’Acht 1970:

Leasú ar alt 45 (lán-cháilíocht) d’Acht 1970.

(a) i bhfo-alt (1), trí “agus a bhfuil gnáthchónaí air sa Stát” a chur isteach i ndiaidh “leanas”, agus

(b) i bhfo-alt (7), trí “nó nach bhfuil gnáthchónaí air sa Stát” a chur isteach i ndiaidh “a luaitear i bhfo-alt (1)”,

agus tá na fo-ailt sin (1) agus (7), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

(1) Beidh lán-cháilíocht le haghaidh na seirbhísí faoin gCuid seo ag duine atá i gceachtar earnáil acu seo a leanas agus a bhfuil gnáthchónaí air sa Stát—

(a) daoine aosaithe nach bhfuil ábalta gan chruatan míchuí seirbhísí liachleachtóra ghinearálta agus seirbhísí máinliachta a shocrú dóibh féin agus dá gcleithiúnaithe,

(b) cleithiúnaithe na ndaoine dá dtagraítear i mír (a).

(7) Aon duine nach bhfuil i gceachtar earnáil acu sin a luaitear i bhfo-alt (1) nó nach bhfuil gnáthchónaí air sa Stát ach a measann príomh-oifigeach feidhmiúcháin an bhoird sláinte iomchuí é a bheith, maidir le seirbhís áirithe atá ar fáil do dhaoine ag a bhfuil lán-cháilíocht, neamhábalta, gan chruatan míchuí, an tseirbhís sin a sholáthar dó féin nó dá chleithiúnaithe, measfar, maidir leis an tseirbhís sin, gur duine é ag a bhfuil lán-cháilíocht.

Cáilíocht theoranta.

3.—Leasaítear leis seo Acht 1970 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 46:

“46.—Faoi réir alt 52 (3), beidh cáilíocht theoranta le haghaidh na seirbhísí faoin gCuid seo ag aon duine a bhfuil gnáthchónaí air sa Stát agus atá gan lán-cháilíocht.”

Treoirilínte faoi “a bhfuil gnáthchónaí air sa Stát”.

4.—Leasaítear leis seo Acht 1970 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 47:

“47A.—Féadfaidh an tAire treoirilínte a eisiúint—

(a) chuig príomhoifigigh feidhmiúcháin bord sláinte, agus

(b) chuig daoine a cheapfaidh nó a ainmneoidh sé faoi alt 47 (1),

d’fhonn cuidiú le gach duine acu cinneadh a dhéanamh cibé acu atá nó nach bhfuil gnáthchónaí ar dhuine sa Stát chun críocha ailt 45 agus 46.”

Leasú ar alt 52 (seirbhísí d’othair chónaithe a sholáthar) d’Acht 1970.

5.—Leasaítear leis seo alt 52 d’Acht 1970 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur leis i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Faoi réir alt 54, más rud é, maidir le seirbhísí d’othair chónaithe, nach ndéanann duine ag a bhfuil lán-cháilíocht nó cáilíocht theoranta le haghaidh na seirbhísí sin leas a bhaint as cuid éigin de na seirbhísí sin ach ina áit sin go mbaineann sé leas as seirbhísí dá samhail nach soláthraítear faoi alt 52 (1), ansin measfar nach mbeidh ag an duine fad a bheidh sé á chothabháil le haghaidh na seirbhísí d’othair chónaithe sin lán-cháilíocht ná cáilíocht theoranta, de réir mar a bheidh, le haghaidh na seirbhísí d’othair chónaithe sin.”

Seirbhísí d’othair chónaithe do dhaoine atá gan teideal faoi alt 52 d’Acht 1970.

6.—Leasaítear leis seo Acht 1970 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 55:

“55.—(1) Féadfaidh bord sláinte, faoi réir aon rialachán a dhéantar faoi fho-alt (2), seirbhísí d’othair chónaithe a chur ar fáil do dhaoine—

(a) nach gcruthóidh teideal a bheith acu chun seirbhísí den sórt sin faoi alt 52, nó

(b) a meastar faoi fho-alt (3) d'alt 52 nach bhfuil láncháilíocht nó cáilíocht theoranta acu le haghaidh na seirbhísí sin,

agus déanfaidh an bord táillí a mhuirearú i leith aon seirbhísí a chuirfear ar fáil agus a sholáthrófar amhlaidh d'aon duine den sórt sin de réir táillí a cheadóidh nó a ordóidh an tAire.

(2) Féadfaidh an tAire, chun críocha fho-alt (1), rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar an modh ar a ndéanfaidh boird sláinte aon seirbhísí d'othair chónaithe a chur ar fáil agus a sholáthar.

(3) Gach rialachán a dhéanfaidh an tAire faoin alt seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithis is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den lá is fiche a shuifidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin ach sin gan dochar d'aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.”.

7.—Déantar leis seo alt 56 (arna leasú leis an Acht Sláinte (Leasú), 1987) d'Acht 1970 a leasú i bhfo-alt (5) tríd an mír seo a leanas a chur leis i ndiaidh mhír (c):

Leasú ar alt 56
(seirbhísí d'othair
sheachtracha) d'Acht
1970.

“(d) Féadfaidh rialacháin faoin alt seo freisin na himthosca a shonrú ina sínfidh teideal duine chun seirbhísí d'othair sheachtracha go dtí seirbhísí a sholáthraíonn liachleachtóir cláraithe a ghabhann, i gcáil chomhairleach, do sholáthar seirbhísí ospidéal agus féadfaidh siad a fhoráil go bhféadfaidh an bord sláinte lena mbaineann, i gcás nach síneann teideal duine amhlaidh, cibé táillí a mhuirearú ar sholáthar seirbhísí d'othair sheachtracha a cheadóidh nó a ordóidh an tAire.”.

8.—Leasaítear leis seo an tAcht um Ranníocaí Sláinte, 1979—

(a) in alt 5, trí fho-alt (2) a scriosadh,

Leasú ar an Acht um
Ranníocaí Sláinte,
1979.

(b) in alt 6, trí fho-alt (2) a scriosadh,

(c) trí alt 8 a scriosadh,

(d) in alt 9, trí fho-ailt (3) agus (4), agus “nó (3)” i bhfo-alt (5), a scriosadh, agus

(e) in alt 17, trí “nó 9 (3)” a scriosadh.

Cónaí agus Rialachán
(CEE) Uimh. 1408/71
ón gComhairle.

9.—Na forálacha i gCuid IV d’Acht 1970 (arna leasú leis an Acht seo) a bhaineann le duine a bheith ina ghnáthchónaí sa Stát, is forálacha iad atá gan dochar d’fheidhmiú cuí fhorálacha Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 an 14 Meitheamh 1971 ón gComhairle⁽¹⁾ (ar cuireadh an téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2001/83 an 2 Meitheamh 1983 ón gComhairle⁽²⁾ ina ionad) agus aon fhorála a rinneadh roimh dháta rite an Achta seo, ar an dáta sin nó dá éis a dhéanann leasú, leathnú, ionadú nó comhdhlúthú (fara nó d’éagmais modhnaithe) ar Rialachán 1408/71 ón gComhairle.

Cúlghairm.

10.—Cúlghairtear leis seo na hionstraimí reachtúla seo a leanas:

(a) na Rialacháin um Sheirbhísí Sláinte (Cáilíocht Theoranta), 1979 (I.R. Uimh. 110 de 1979);

(b) na Rialacháin um Sheirbhísí Sláinte (Uimh. 2), 1983 (I.R. Uimh. 139 de 1983);

(c) na Rialacháin um Sheirbhísí Sláinte (Leasú), 1990 (I.R. Uimh. 132 de 1990).

Gearrtheideal,
comhlua, forléiriú
agus tosach feidhme.

11.—(1) Féadfar an tAcht Sláinte (Leasú), 1991, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Sláinte, 1947 go 1991, a ghairm de na hAchtanna Sláinte, 1947 go 1990, agus den Acht seo, seachas alt 8 den Acht seo, agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le hordú nó le horduithe ón Aire Sláinte go ginearálta nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críocha éagsúla agus le haghaidh forálacha éagsúla den Acht seo.

⁽¹⁾ I.O. Uimh. L 149 an 5.7.1971, lch.2.

⁽²⁾ I.O. Uimh. L 230 an 22.8.1983, lch.6.